# An Phríomh-Oifig Staidrimh
## Central Statistics Office

# Preas Ráiteas
## Press Statement

### Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 2 2012

## LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 19ú Meán Fómhair 2012

**Achoimre ar thorthaí ceannlíne – R2 2012**

| Príomhthorthaí R2 2012 | Aib-Meith 2012 | Athrú bliantúil |
|---|---|---|
| Fostaithe | 1,787,900 | -33,400 |
| Dífhostaithe | 308,500 | +4,000 |
| Sa Lucht Saothair | 2,096,400 | -29,500 |
| Níl sa Lucht Saothair | 1,389,800 | +12,900 |

**Líon na nDaoine i bhFostaíocht**

- Bhí laghdú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 1.8% nó 33,400 sa bhliain chuig an dara ráithe de 2012, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,787,900.
- Ar bhonn coigeartú séasúrach, tháinig laghdú 13,700 (-0.8%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann an méid sin ar aghaidh ó laghdú coigeartaithe séasúraigh de chuid 10,300 (-0.6%) ar fhostaíocht i R1 2012.

**Líon na nDaoine Dífhostaithe**

- Mhéadaigh dífhostaíocht faoi 4,000 (+1.3%) sa bhliain go R2 2012. Tugann sé seo líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 308,500.
- Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 7.7% go 8.8% i gcaitheamh na bliana go R2 2012. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 59.9% den dífhostaíocht iomlán i R2 2012 i gcomparáid le 53.9% bliain roimhe sin agus 43.3% sa dara ráithe den bhliain 2010.
- Níor tháinig athrú ar an ráta dífhostaíochta um choigeartú séasúrach i gcaitheamh na ráithe ag 14.8%.

**Lucht Saothair**

- Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa dara ráithe den bhliain 2012 cothrom le 2,096,400, arb ionann é agus laghdú de chuid 29,500 (-1.4%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

*Oifig i mBaile Átha Cliath*
*+353 1 498 4000*

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

*Dublin Office*
*+353 1 498 4000*

LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cso.ie
www.cso.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise dean teagmháil le
Brian Ring ag 021-453 5747 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491
Facs  021 453 5492
R-phost  labour@cso.ie

*An Phríomh-Oifig Staidrimh* *19 Meán Fómhair 2012*

**– CRÍOCH –**